Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11023 — ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 96/06)

1. An 8 Márta 2023, fuair an Coimisiún Eorpach fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Aéroports de Paris S.A. ("ADP", an Fhrainc),

— JCDecaux S.E. ("JCDecaux", an Fhrainc),

— Media Aéroports de Paris ("JV", an Fhrainc).

Gheobhaidh ADP agus JCDecaux rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— ADP: cuideachta atá freagrach as cothabháil, oibriú agus forbairt aeradróim Paris-Charles de Gaulle, Paris-Orly, Paris-Le Bourget mar aon le haeradróim shibhialta áirithe atá lonnaithe i réigiún Ile-de-France agus thar lear,

— JCDecaux: grúpa Francach atá gníomhach san fhógraíocht lasmuigh ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag JV: oibriú agus margaíocht taispeántas fógraíochta in aerfoirt Paris-Charles de Gaulle, Paris-Orly agus Paris-Le Bourget (sa Fhrainc), aerfoirt Antalya agus Bodrum-Milas (sa Tuirc) agus aerfort na Banríona Alia in Amman (san Iordáin).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11023 — ADP / JCDECAUX / MEDIA AEROPORTS DE PARIS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË